



2020/2058(INI)

9.7.2020

TUAIRIM

ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

chuig an gCoiste um Buiséid agus chuig an gCoiste um Ghnóthaí
Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

ar an bPlean Infheistíochta d'Eoraip Inbhuanaithe – conas an Comhaontú Glas
a mhaoiniú
(2020/2058(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Salvatore De Meo

PA_NonLeg

MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe ar an gCoiste um Buiséid agus ar an gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta, mar na coistí atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina dtairiscint i gcomhair rúin:

1. á chur in iúl gur geal léi an togra leasaithe ón gCoimisiún maidir leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) an 27 agus an 28 Bealtaine 2020, lena n-áirítear an teachtaireacht uaidh an 27 Bealtaine dar teideal ‘Tráth na hEorpa: Deisiú agus Ullmhú don Chéad Ghlúin Eile’ (COM(2020)0456), leis an bhforáil atá ann chun maoiniú don chomhbheartas talmhaíochta (CBT) a mhéadú i gcomparáid leis an togra CAI a bhí ann roimhe seo; á chur in iúl gur geal léi an togra ón gCoimisiún maidir le hacmhainní breise sealadacha trí Chiste AE don Chéad Ghlúin Eile, ach á chur i bhfios go láidir go bhfuil an-tábhacht fós le CAI láidir a bheith ann; á chur i bhfios go láidir go bhfuil an méadú ar an maoiniú, i gcomparáid leis an togra CAI a bhí ann roimhe seo, riachtanach chun na cuspóirí agus na huailmhianta atá beartaithe don CBT a bheidh ann amach anseo a bhaint amach, lena n-áirítear slándáil bia a áirithiú, caighdeán réasúnta maireachtála a áirithiú d’fheirmeoirí, cur le pobail bheoga tuaithe agus cuspóirí talmhaíochta an Chomhaontaithe Ghlais a bhaint amach trí athléimneacht na hearnálaagraibhia a neartú agus trí tháirgeadh inbhuanaithe bia a áirithiú; ag cur béim ar an bhfioras nach amháin go bhfuil na cuspóirí sin ag brath ar CBT dea-mhaoinithe ach freisin ar ionstraimí eile CAI amhail taighde, infheistíocht sa nuálaíocht nó sa teicneolaíocht dhigiteach, agus na hacmhainní sin a dhéanamh níos inrochtana d’fheirmeoirí agus don earnáil agraibhia;
2. á chur in iúl gur geal léi an togra ón gCoimisiún maidir le EUR 15 billiún a leithdháileadh ar fhorbairt tuaithe i gcomhthéacs ionstraim AE don Chéad Ghlúin Eile, ach á chur in iúl gurb oth léi nár moladh aon leithdháileadh don chéad cholún de CBT san ionstraim nua seo, i bhfianaise an ghá atá le híocaíochtaí díreacha a atreisiú agus le tacú le cláir earnála chun cabhrú le feirmeoirí géarchéim COVID-19 a shárú agus cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais a chomhlíonadh;
3. á chur in iúl gur geal léi an togra maidir le borradh a chur faoi na hacmhainní don Chiste um Aistriú Cóir (JTF) le EUR 32.5 billiún sa bhreis, lena n-áirítear le cistí breise ó ionstraim AE don Chéad Ghlúin Eile, mar aon leis an dá cholún bhreise den Sásra um Aistriú Cóir, eadhon scéim thiomnaithe faoi InvestEU agus saoráid iasachta don earnáil phoiblí, agus á chur i bhfáth, chun go n-éireoidh le JTF agus leis an aistriú glas agus chun go rachaidh siad chun tairbhe na talmhaíochta agus na gceantar tuaithe, go gcaithfear iad a chur i gcrích ar bhealach cothrom, cuimsitheach agus ar mhodh a mbeidh bonn taca eolaíoch leis agus go ndéanfar an méid sin in éineacht le geallsealbhóirí;
4. á chur in iúl gur geal léi an méadú caipitil EUR 1.5 billiún atá beartaithe don Chiste Eorpach Infheistíochta agus á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé rochtain ar an airgeadas poiblí agus príobháideach a éascú do chuideachtaí beaga agus meánmhéide tuaithe, lena n-áirítear feirmeacha, chun tacú le hinfeistíocht ghlas mhéadaithe, le forbairt uirlisí digiteála agus an rochtain a bhíonn orthu, leis an nuachóiriú agus leis an nuálaíocht, a chuirfidh ar chumas feirmeoirí, na hearnála talmhaíochta agus na gceantar tuaithe aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus glacadh leis na deiseanna chun cuspóirí agus uailmhianta an Chomhaontaithe Ghlais a bhaint amach;

5. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a úsáid, i gcás inarb iomchuí, chun tacaíocht chomhlántach a chur ar fáil d'fheirmeoirí na hEorpa agus do ghnólaicthe comharchumainn chun go bhféadfaidh siad déileáil go comhleánach leis na dúshláin atá ag eascairt as an ngá atá le comhlíonadh na rialacha nua a áirithiú agus chun go bhféadfaidh siad dul in oiriúint do dhrochthionchair an athraithe aeráide ar bhealach nach gcuireann táirgeadh bia i mbaol agus lena n-urramaítear prionsabal na hinbhuanaitheachta;
6. á mheas go bhfuil an Coimisiún, trína thograí leasaithe maidir le CAI agus maidir le AE don Chéad Ghlúin Eile, tar éis céim chun tosaigh, a bhfuil fáilte roimpi, a ghlacadh i dtreo sheasamh na Parlaiminte, eadhon go gcaithfear, sa chéad chreat airgeadais eile do AE, an méid atá dírithe ar an talmhaíocht agus ar fhorbairt tuaithe a choimeád ar a leibhéal reatha i dtéarmaí réadacha ar a laghad ar fad; á iarraidh ar an gComhairle Eorpach aon lagduithe ar na méideanna atá curtha i leataobh don talmhaíocht agus d'fhorbairt tuaithe sna tograí is déanaí ón gCoimisiún a chur as an áireamh; á áitiú go gcaithfear aon bhearta breise a bhaineann leis an aistriú glas, lena n-áirítear cuspóirí na straitéise 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' agus na straitéise Bithéagsúlachta, a mhaoiniú le hairgead úr agus le hacmhainní dílse breise AE; á chur i bhfios nár cheart na bearta breise faoin gComhaontú Glas don Eoraip a mhaoiniú ar chostas mhaoiniú CBT atá ann cheana;
7. á chur i bhfáth don Choimisiún nach mór don aistriú glas sa talmhaíocht cur chuige cothrom a áirithiú maidir leis na trí ghné den inbhuanaitheacht, i.e. an ghné shóisialta, an ghné chomhshaoil agus an ghné eacnamaíoch; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá Airteagal 2.1(b) de Chomhaontú Pháras, lena n-aithnítear an tosaíocht bhunúsach a bhaineann le slándáil bia a choimirciú trí chur leis an gcumas oiriúnú do dhrochthionchair an athraithe aeráide;
8. ag tabhairt dá haire gur ann don teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis bPlean Infheistíochta d'Eoraip Inbhuanaithe (COM(2020)0021), ach ag cur béim ar an bhfioras go bhfuil na heilimintí a mholtar inti, lena n-áirítear an Ciste um Aistriú Cóir, ag brath go hiomlán ar chomhaontú uailmhianach maidir le CAI; á chur in iúl gur cúis mhór buartha di go bhféadfadh sé, mar gheall ar thús-ualú chistí buiséid AE chun ceanglais nua chaiteachais de dheasca phaindéim COVID-19 a chumhdach, go mbeadh tionchar aige sin ar chumas na hearnála talmhaíochta cuspóirí na straitéise 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' agus na straitéise Bithéagsúlachta a bhaint amach toisc go mbeadh níos lú tacaíochta ag feirmeoirí AE, rud a bheadh thar a bheith díobhálach má táthar ag dréim leis go ndéanfaidís na hoibleagáidí nua faoin gComhaontú Glas a chomhlíonadh; á chur i bhfios go láidir nach mór go mbeidh an t-aistriú i dtreo na hinbhuanaitheachta cóir, cothrom agus freagrach, agus go mbeidh baint ag na hearnálacha eacnamaíochta agus sóisialta uile leis chun go seachnófar aon bhrú míchuí ar earnáil na talmhaíochta;
9. á thabhairt dá haire go bhfuil an Plean Infheistíochta d'Eoraip Inbhuanaithe ag brath go pointe áirithe ar shlua-chistiú in infheistíocht phríobháideach, ar dócha nach mbeidh fáil chomh mór sin air sna blianta tar éis phaindéim COVID-19, agus á thabhairt dá haire go mbaineann níos mó tábhachta arís le CAI láidir dá bharr;
10. á chur i bhfios gurb í an talmhaíocht in AE agus an t-aon phríomhchóras ar domhan a laghdaigh a chuid astaíochtaí gás ceaptha teasa (laghdú de 20% ó 1990 i leith);
11. á chur i bhfáth nach mór na túsphointí agus na féidearthachtaí éagsúla chun forbairt a

dhéanamh ar réigiúin agus ar Bhallstáit éagsúla a chur san áireamh agus pleananna naisiúnta á bhforbairt, agus maoiniú á leithdháileadh agus sa pheirspictíocht airgeadais níos fadtéarmaí;

12. á iarraidh ar an gCoimisiún athruithe a dhéanamh ar na rialacha Státchabhrach agus na rialacha iomaíochta chun nach ndéanfar dochar do chomóntacht CBT;
13. á mheabhrú go gcuirfidh CBT nuachóirithe agus inbhuanaithe go cinntitheach le rath spriocanna ginearálta agus uailmhianacha aeráide AE agus go ndéanfaidh sé slándáil bia a áirithiú ag an am céanna, agus go ndíreofar cuid shuntasach de CBT ar thacú le cuspóirí a bhaineann leis an aeráid; á mheabhrú go bhfuil an t-athchóiriú ar CBT fós ar bun agus nach ndearnadh cinneadh fós faoin ranníocaíocht bheacht le cuspóirí agus ceanglais maidir leis an gcomhshaol agus an aeráid; á chur i bhfáth go mbeidh baint amach na gcuspóirí sin ag brath, den chuid is mó, ar chistí leordhóthanacha a bheith leithdháilte i mbuiséid amach anseo; á chur i bhfíor i ndáil leis sin nár cheart go mbeadh íosghrádú ar ár gcuspóirí, go háirithe an cuspóir chun slite beatha inbhuanaithe a áirithiú dár bhfeirmeoirí, mar thoradh ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Ghlais agus na straitéise ‘Ón bhFeirm go dtí an Forc’, agus ag cur béim ar an bhfíoras nach féidir níos mó a iarraidh ar fheirmeoirí agus níos lú maoinithe ann; ag tnúth le dul i mbun caibidlíochta leis an gComhairle maidir le CBT a bheidh ann amach anseo d’fhonn teacht ar chomhaontú agus d’fhonn cinnteacht pleanála a sholáthar do tháirgeoirí AE, agus ag cur béim ar an bhfíoras gurb é an togra athchóirithe ón gCoimisiún an bonn ar a bhfuil na comhreachtóirí ag obair agus nár cheart é a mhodhnú nó a tharraingt siar ag an gcéim seo;
14. á thabhairt dá haire go ndéanann an Coimisiún, ina theachtaireacht maidir leis an bPlean Infheistíochta d’Eoraip Inbhuanaithe (COM(2020)0021), riachtanais shuntasacha infheistíochta a shainnítear sa talmhaíocht, go sonrach chun dul i ngleic le dúshláin chomhshaoil níos leithne, lena n-áirítear cailliúint na bithéagsúlachta agus truailliú; á thabhairt chun suntais, áfach, go gcuireann an Coimisiún síos ar na riachtanais sin mar mheastacháin choimeádacha, ós rud é go bhfuil easpa sonraí ann chun measúnú cruinn a dhéanamh ar riachtanais infheistíochta maidir le hoiriúnú don aeráid agus athshlánú nó athchóiriú éiceachóras agus na bithéagsúlachta;
15. ag tarraingt aird ar tháirgeadh amhábhair in-athnuaite agus fuinnimh in-athnuaite ar bhonn intíre agus ar bhealach atá seasmhach in aghaidh géarchéimeanna agus á iarraidh, chun Straitéis Bhithghéilleagair AE a chur chun feidhme agus chun leanúint dá brú ar aghaidh, go dtabharfar faoi mhóriarracht i bhfoirgníocht adhmaid agus faoi mhóriarracht athchóirithe lena ndíreofar ar amhábhair in-athnuaite intíre agus fuinnimh in-athnuaite agus inbhuanaithe a úsáid;
16. á iarraidh go ndéanfar ceanglais mhéadaitheacha éiceolaíoch a fhritháireamh ó thaobh airgeadais de i gcónaí; á chur i bhfíor nach dtéann coinníollacha aontaobhacha chun tairbhe do thalmhaíocht na hEorpa ná don chomhshaol más é an toradh a bhíonn leo go n-athlonnaítear táirgeadh bia Eorpaigh go tríú tíortha;
17. ag cur béim ar an ngá atá le prionsabal ginearálta an chomhionannais inscne a fhorfheidhmiú i gcomhthéacs bhearta CBT a bhfuil sé mar aidhm leo cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais a bhaint amach, chun a ráthú go ndíreofar banfheirmeoirí san aistriú éiceolaíoch;

18. á chur i bhfios gur nocht an ráig de COVID-19 a thit amach le deireanas an ról straitéiseach atá ag an talmhaíocht i ndáil le bia sábháilte agus ardcháilíochta a sholáthar ar phraghsanna inacmhainne agus i ndáil le géarchéim bhia a sheachaint; ag cur i dtreis a thábhachtaí a bhí ról na ‘n-oibrithe riachtanacha’ sna hearnálacha talmhaíochta agus próiseála bia le linn na géarchéime, agus á áitiú go gcaithfidh na hoibrithe sin tairbhe a bhaint as dálaí oibre atá cuí agus sábháilte; á áitiú nach bhféadfaidh allmhairiú táirgí ó thríú tíortha nach gcomhlíonann caighdeáin sábháilteachta bia, cosanta comhshaoil, leasa ainmhithe agus shóisialta AE an bonn a bhaint ó na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag feirmeoirí AE ar bhia a tháirgeadh ar bhealach níos inbhuanaithe; ag tabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé foghlaim ó ghéarchéim COVID-19, go háirithe maidir le hearnálacha straitéiseacha;
19. á mheas, chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais a bhaint amach ar an leibhéal Eorpach agus chun iad a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta, go gcaithfidh an Coimisiún measúnú a dhéanamh ar na rátaí taraife allmhairithe do tháirgí talmhaíochta agus méadú orthu a mholadh do na tíortha sin nár chuir caighdeáin agus ceanglais i bhfeidhm, atá incomparáide leo sin atá in AE, maidir lena dtáirgeoirí talmhaíochta, nó nach ndearna foráil dá gcur i bhfeidhm sa todhchaí is intuartha;
20. á chur in iúl gur geal léi an uailmhian atá leagtha amach sa straitéis ‘Ón bhFeirm go dtí an Forc’ chun critéir íosta éigeantacha a fhorbairt do sholáthar bia inbhuanaithe agus chun úsáid cistí pobail a ailíniú leis an gComhaontú Glas; á iarraidh go ndéanfar ábhair inní maidir leis an gcothú agus leis an tsláinte a chomhtháthú níos mó i soláthar poiblí bia;
21. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé maoiniú a dhéanamh ar thaighde agus ar nuálaíocht lena bhféachtar le teicneolaíochtaí glasa agus malartacha aistrithe a shainnaint, agus á chreidiúint go gcaithfidh rochtain a bheith ag gach feirmeoir, lena n-áirítear feirmeoirí beaga, orthu;
22. á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go mbeidh coimircí seachtracha leordhóthanacha ann do tháirgí íogaire talmhaíochta agus á shonrú go gcaithfear, le linn an phróisis sin, na hardchaighdeáin a bhaineann le táirgeadh bia in AE a léiriú go soiléir do thomhaltóirí;
23. á áitiú go bhfuil gá le hacmhainní breise airgeadais a sholáthar a rachaidh níos faide ná an t-imchlúdach CBT atá ann d’éilimh feirmeoirí a eascraíonn as géarchéim COVID-19 nó as cásanna eile géarchéime;
24. á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar, sa straitéis ‘Ón bhFeirm go dtí an Forc’ agus sa bheartas aeráide a bheidh ann amach anseo araon, talmhaíocht na hEorpa a aithint mar earnáil a mbaineann tábhacht shistéamach léi agus go ndéanfar slándáil an tsoláthair, mar thoisic chobhsaíochta, a chur san áireamh agus a choinneáil i gcuimhne i gcónaí;

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Dáta an ghlactha	7.7.2020
Toradh na vótála críochnaithí	+: 37 -: 8 0: 3
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Mazaly Aguilar, Clara Aguilera, Atidzhe Alieva-Veli, Álvaro Amaro, Eric Andrieu, Attila Ara-Kovács, Carmen Avram, Adrian-Dragoş Benea, Benoît Biteau, Mara Bizzotto, Daniel Buda, Isabel Carvalhais, Asger Christensen, Angelo Ciocca, Ivan David, Paolo De Castro, Jérémy Decerle, Salvatore De Meo, Herbert Dorfmann, Luke Ming Flanagan, Dino Giarrusso, Francisco Guerreiro, Martin Häusling, Martin Hlaváček, Krzysztof Jurgiel, Jarosław Kalinowski, Elsi Katainen, Gilles Lebreton, Norbert Lins, Chris MacManus, Mairead McGuinness, Marlene Mortler, Ulrike Müller, Maria Noichl, Juozas Olekas, Pina Picierno, Maxette Pirkakas, Eugenia Rodríguez Palop, Bronis Ropé, Bert-Jan Ruissen, Anne Sander, Petri Sarvamaa, Simone Schmiedtbauer, Annie Schreijer-Pierik, Michaela Šojdrová, Veronika Vrecionová
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Asim Ademov, Franc Bogovič, Francesca Donato, Valter Flego, Claude Gruffat, Balázs Hidvéghi, Pär Holmgren, Zbigniew Kuźmiuk, Tilly Metz, Christine Schneider, Marc Tarabella, Riho Terras, Irène Tolleret, Thomas Waitz

TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

37	+
ECR	Mazaly Aguilar, Krzysztof Jurgiel
EPP	Álvaro Amaro, Daniel Buda, Salvatore De Meo, Herbert Dorfmann, Jarosław Kalinowski, Norbert Lins, Mairead McGuinness, Marlene Mortler, Anne Sander, Petri Sarvamaa, Simone Schmiedtbauer, Annie Schreijer-Pierik, Michaela Šojdrová
GUE/NGL	Eugenia Rodríguez Palop
ID	Gilles Lebreton, Maxette Pirbakas
NI	Dino Giarusso
S&D	Clara Aguilera, Eric Andrieu, Attila Ara-Kovács, Carmen Avram, Adrian-Dragoş Benea, Isabel Carvalhais, Paolo De Castro, Maria Noichl, Juozas Olekas, Pina Picierno
Renew	Atidzhe Alieva-Veli, Asger Christensen, Jérémy Decerle, Martin Hlaváček, Elsi Katainen, Ulrike Müller, Irène Tolleret
Verts/ALE	Bronis Ropė

8	-
ECR	Veronika Vrecionová
GUE/NGL	Luke Ming Flanagan, Chris MacManus
ID	Ivan David
Verts/ALE	Benoît Biteau, Francisco Guerreiro, Pär Holmgren, Tilly Metz

3	0
ECR	Bert-Jan Ruissen
ID	Mara Bizzotto, Angelo Ciocca

Eochair do na siombailí:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh